



UISCE A CHAOMHNÚ SA BHAILE

De réir mar a théann an daonra i méid, méadaíonn an t-éileamh ar ár n-acmhainní uisce. Má táimid chun leas a bhaint as ár gcúltaisí lómhara, caithfidimid a bheith níos feasaí maidir le caomhnú uisce.

LEIDEANNA MAIDIR LE hUISCE A CHAOMHNÚ:

SA CHISTIN

- » Ná cuir an miasniteoir/meaisín níocháin ar siúl go dtí go mbeidh sé lán
- » Nigh do chuid torthaí nó glasraí i ndoirteal nó i mbáisín agus úsáid an t-uisce le cur ar phlandaí sa teach
- » Cuir uisce i ndoirteal na cistine chun gréithe a ní
- » Ná úsáid uisce reatha chun bia a leá
- » Cuir áis sábháil uisce i do sconna

SA SEOMRA FOLCTHA

- » Más féidir le do chithfholcadán buicéad 4 lítear a líonadh i 20 soicind, cuir cloigeann nua tíosach ar uisce ina áit
- » Cuir áis sábháil uisce i do shistéal más gá

- » Déan iarracht a laghad ama agus is féidir a chaitheamh sa chithfholcadán
- » Cas as an sconna agus tú ag ní do chuid fiacla

SA GHAIRDÍN/CÚLCHLÓS

- » Úsáid buicéad in ionad píobán agus tú ag ní do charr
- » Bailigh uisce báistí
- » Áirithigh nach bhfuil aon uisce ag sceitheadh

In aon uair is féidir suas le 1,800 lítear uisce sceitheadh ó sconna atá ag rith.

Is féidir leat níos mó ná 7,000 lítear uisce a spáráil sa bhliain má chasann tú as an sconna agus tú ag ní do chuid fiacla.

Ná cuir ach an méid uisce a theastaíonn uait sa chiteal agus tú ag déanamh tae nó caife.

Ná cuir do mheaisín níocháin nó miasniteoir ar siúl go dtí go mbeidh siad lán. Úsáideann meaisín níocháin ar thimthriall iomlán suas le 65 lítear uisce agus úsáideann miasniteoir 20 lítear.

Cuimhnigh gur tráchtearra luachmhar is ea uisce – seiceáil do sceitheadh.

CUIMHNIGH - IS FURASTA DIFRÍOCHT A DHÉANAMH!



BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:

Sinéad Ní Mhainín nó Mark Molloy
An Rannóg Timpeallachta
Comhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoroisí inbhuanaithe